Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5199/26**

**LIMITE**

**CORLX 18**
**CFSP/PESC 28**
**COAFR 2**
**CONUN 4**
**COARM 4**
**FIN 17**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2135 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d’aistriú polaitiúil na Súdáine |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2135**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí**
**lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2135[1].

(2) An 27 Samhain 2023, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') ráiteas thar ceann an Aontais inar cháin an tAontas agus a Bhallstáit go láidir arís an troid leanúnach idir Fórsaí Armtha na Súdáine agus na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus a mílístí cleamhnaithe faoi seach. Cuireadh in iúl leis an ráiteas sin freisin gur saoth leo gur tháinig géarú suntasach ar an bhforéigean agus gur cailleadh daoine in Darfur agus ar fud na tíre, agus gur saoth leo na sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

(3) An 28 Deireadh Fómhair 2025, d'eisigh an tArdionadaí ráiteas comhpháirteach leis an gCoimisinéir Lahbib maidir le hurghabháil El Fasher. Dúradh go neamhbhalbh sa ráiteas gur cor cinniúnach contúirteach sa chogadh é urghabháil chaipiteal Darfur a rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus gur baol go rachaidh an staid dhaonnúil, atá uafásach cheana féin, in olcas. Thairis sin, dúradh sa ráiteas freisin gur léir brúidiúlacht na bhFórsaí Mear-Thacaíochta i bhfianaise go bhfuiltear ag díriú ar shibhialtaigh ar bhonn a gcúlra eitneach.

(4) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, ba cheart seachtar breise a áireamh i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135.

[1] Cinneadh (CBES) 2023/2135 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine (IO L, 2023/2135, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2135/oj).



PUBLIC

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/2135 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135, faoin gceannteideal ‘A. Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus in Airteagal 2(1)’, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis:

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘14. | Algony Hamdan DAGALO MUSA<br>ar a dtugtar freisin Algoney Hamdan Daglo Musa<br>Musa Ahmed | Áit bhreithe: Nayala Thuaidh, an tSúdáin<br>Dáta breithe: 9.8.1990<br>Náisiúntacht: Súdánach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Maor sna Fórsaí Mear-Thacaíochta | Is maor sna Fórsaí Mear-Thacaíochta agus deartháir le Mohammad Hamdan Dagalo (Hemedti), ceann na bhFórsaí Mear-Thacaíochta, é Algoney Hamdan Dagalo Musa. Tá baint ag Algoney Hamdan Dagalo Musa freisin le soláthar arm do na Fórsaí Mear-Thacaíochta.<br>Is é Algoney Hamdan Dagalo Musa a bhunaigh na gnólachtaí Tradive General Trading Co agus GSK ADVANCE COMPANY LTD, dhá eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha ag an Aontas as a bheith rannpháirteach i bpróisis soláthair na bhFórsaí Mear-Thacaíochta. Tá baint aige, dá bhrí sin, le heintitis a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta a chuireann síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol. | + |

+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Eintitis chomhlachaithe: Na Fórsaí Mear-Thacaíochta; Tradive General Trading Co; GSK ADVANCE COMPANY LTD<br><br>Pasuimhir: B00017334 (an tSúdáin); malartach Rachaidh Pas B00024943 (an tSúdáin) in éag an 27 Meán Fómhair 2031 (duine aonair) [SUDAN-EO14098] | Dá bhrí sin, tá Algoney Hamdan Dagalo Musa freagrach as gníomhartha a phleanáil sa tSúdáin ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine nó sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta iad. Tá sé freagrach freisin as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 15. | Elfateh Abdullah Idris ADAM<br>ar a dtugtar freisin Abu Lulu | Náisiúntacht: Súdánach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Briogáidire-Ghinearál/Ceannasaí de na Fórsaí Mear-Thacaíochta<br>Eintitis chomhlachaithe: RSF | Is Briogáidire-Ghinearál agus Ceannasaí de na Fórsaí Mear-Thacaíochta é Elfateh Abdullah Idris Adam. Sainaithníodh é mar phríomhdhéantóir na n-ainghníomhartha a rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta in El Fasher i mí Dheireadh Fómhair 2025. Lena linn sin, chuir sé sibhialtaigh chun báis agus d'ordaigh sé go marófaí roinnt daoine neamhurchóideacha, lena n-áirítear leanaí.<br>Dá bhrí sin, tá Elfateh Abdullah Idris Adam freagrach as gníomhartha a stiúradh nó a dhéanamh sa tSúdáin ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine iad, agus  ar sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta iad. Tá sé freagrach freisin as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol. | + |

PUBLIC

\+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 16. | Edris KAFUTI | Náisiúntacht: Súdánach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Feidhm: Ceannasaí Machaire de na Fórsaí Mear-Thacaíochta<br><br>Eintitis chomhlachaithe: RSF | Is ceannasaí machaire de na Fórsaí Mear-Thacaíochta é Edris Kafuti. Sainaithníodh é mar phríomhdhéantóir sna hainghníomhartha a rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta in El Fasher i mí Dheireadh Fómhair 2025. Lena linn sin, chiap sé daoine aonair a bhí faoi choinneáil.<br><br>Dá bhrí sin, tá Edris Kafuti freagrach as gníomhartha a dhéanamh sa tSúdáin ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine mar aon le sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta iad. Tá sé freagrach freisin as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 17. | Tijani Ibrahim Moussa MOHAMED | Náisiúntacht: Súdánach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Ceannasaí Machaire de na Fórsaí Mear-Thacaíochta<br>Eintitis chomhlachaithe: RSF | Is ceannasaí machaire de na Fórsaí Mear-Thacaíochta é Tijani Ibrahim Moussa Mohamed. Sainaithníodh é mar phríomhdhéantóir sna hainghníomhartha a rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta in El Fasher i mí Dheireadh Fómhair 2025. Lena linn sin, chiap sé daoine aonair a bhí faoi choinneáil.<br>Dá bhrí sin, tá Tijani Ibrahim Moussa Mohamed freagrach as gníomhartha a dhéanamh sa tSúdáin ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine iad, agus ar sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta iad. Tá sé freagrach freisin as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol. | + |

+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Chinnidh seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 18. | Gedo HAMDAN<br>ar a dtugtar freisin<br>Abu Nushuk<br>Gedo Hamdan Ahmed<br>Abnashuk<br>Jido Hamdan Ahmed<br>Abunshuk<br>Jadu Hamdan | Náisiúntacht: Súdánach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Ceannasaí Réigiúnach ar Rannóg Darfur Thuaidh, Briogáidire-Ghinearál de na Fórsaí Mear-Thacaíochta<br>Eintitis chomhlachaithe: RSF | Is Ceannasaí Réigiúnach é Gedo Hamdan ar Roinn Darfur Thuaidh agus is Briogáidire-Ghinearál de na Fórsaí Mear-Thacaíochta é. Sainaithníodh é mar phríomhdhéantóir sna hainghníomhartha a rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta in El Fasher i mí Dheireadh Fómhair 2025.<br>Dá bhrí sin, tá Gedo Hamdan freagrach as gníomhartha a dhéanamh sa tSúdáin ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine iad, agus ar sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta iad. Tá sé freagrach freisin as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 19. | Abu Zaid Talha AL-MISBAH | Náisiúntacht: Súdánach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Ceannasaí Chathlán Baraa bin Malik (BBMB)<br>Eintitis chomhlachaithe: Fórsaí Armtha na Súdáine; Cathlán Baraaa bin Malik (BBMB) | Is é Abu Zaid Talha Al-Misbah Ceannasaí Chathlán Bara bin Malik (BBMB), mílíste Ioslamach a bhíonn ag troid in éineacht le Fórsaí Armtha na Súdáine sa choinbhleacht idir Fórsaí Armtha na Súdáine, na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus a ngrúpaí armtha comhghuaillithe, atá ar siúl ó bhí an 15 Aibreán 2023 ann.<br>Ghlac Abu Zaid Talha Al-Misbah páirt i gcosaint bhunáit an Chóir Armtha i gCartúm Theas idir mí an Mheithimh agus mí Lúnasa 2023. Bhí sé i gceannas freisin ar throdaithe Chathlán Baraa bin Malik a thug ruathar isteach faoi phálás na Poblachta i gCartúm i mí an Mhárta 2025. Dá bhrí sin, tá Abu Zaid Talha Al-Misbah rannpháirteach go gníomhach sna hiarrachtaí cogaidh atá faoi stiúir Fhórsaí Armtha na Súdáine agus atá ag cur bac ar iarrachtaí chun an t-aistriú polaitiúil sa tSúdáin a atosú agus atá ag baint an bhoinn díobh. | + |

+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá freagracht ceannais ar Abu Zaid Talha Al-Misbah as sibhialtaigh a chur chun báis go hachomair ag Cathlán Baraa bin Malik i gCartúm Thuaidh i mí Mheán Fómhair 2024 agus in Gezirah i mí Eanáir 2025, ar sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine iad, mar a léirítear, i measc nithe eile, i dtuarascáil mhí na Nollag 2025 ón misean neamhspleách idirnáisiúnta chun fíricí a aimsiú don tSúdáin ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus i dtuarascáil mhí Feabhra 2025 ó Human Rights Watch.<br><br>Dá bhrí sin, bhí baint dhíreach ag Abu Zaid Talha Al-Misbah le gníomhartha a rinne Cathlán Baraa bin Malik arb ionann iad agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, agus tá sé freagrach freisin as an mbonn a bhaint de na hiarrachtaí chun an t-aistriú polaitiúil sa tSúdáin a atosú. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 20. | Al-Tayyib<br>AL-IMAM JODA | Náisiúntacht: Súdánach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Feidhm: Éimír chlann Nafeidiya threibh Kawahla ó cheantar Sarhan siar ó Gezirah<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Fórsaí Armtha na Súdáine; Sciathfhórsaí na Súdáine; treibh Kawahla; clann Nefeidiya | Is é Al-Tayyib Al-Imam Joda Éimír chlann Nafeidiya threibh Kawahla ó cheantar Sarhan siar ó Stát Gezirah. Bhí sé ar na ceannairí pobail a thug cúnamh d'Fhórsaí Armtha na Súdáine agus do mhílístí comhghuaillithe, go háirithe Sciathfhórsaí na Súdáine, chun an feachtas lenar díríodh go córasach ar phobail feirmeoireachta Kanabi i Stáit Gezirah agus Sennar a earcú agus an feachtas sin a eagrú, lena n-áirítear ollghabhálacha, ollmharuithe, olluaigheanna agus sráidbhailte dóite, go háirithe roimh agus tar éis d'Fhórsaí Armtha na Súdáine agus a gcomhghuaillithe Wad Madani a athghabháil i mí Eanáir 2025.<br><br>Chuir Al-Tayyib Al-Imam Joda in iúl go dtacaíonn sé go hiomlán le Sciathfhórsaí na Súdáine, ar grúpa paraimíleata é atá i gcomhghuaillíocht le Fórsaí Armtha na Súdáine, faoi cheannas Abu Aqla Mohamed Kaikal a bhfuil sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta aige i Stát Gezirah. | [+]'. |

[+] IO: cuir isteach dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | D'iarr Al-Tayyib Al-Imam Joda go dtabharfaí airm don phobal sibhialta, d'earcaigh sé comhraiceoirí thar ceann Fhórsaí Armtha na Súdáine agus Sciathfhórsaí na Súdáine, agus ghríosaigh se foréigean i gcoinne mhuintir Kanabi trí chur ina leith go ndeachaigh siad i bpáirt leis na Fórsaí Mear-Thacaíochta.<br><br>Dá bhrí sin, bhí baint ag Al-Tayyib Al-Imam Joda le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh agus a dhéanamh sa tSúdáin ar sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine iad agus a bhaineann an bonn go díreach ó na hiarrachtaí chun an t-aistriú polaitiúil sa tSúdáin a atosú. | |

PUBLIC